Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11140 – APG / CORSICA SOLE / MIROVA / DRIVECO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 204/16)

1. An 2 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Stichting Depositary APG Infrastructure Pool 2020-2021 (le haghaidh riosca agus chuntas APG Infrastructure Pool 2020-2021) ('APG', an Ísiltír), faoi rialú Stichting Pensioenfonds ABP ('ABP', an Ísiltír),

— Corsica Sole SAS ('Corsica Sole', an Fhrainc),

— Mirova S.A. ('Mirova', an Fhrainc), faoi úinéireacht an ghrúpa BPCE ('BPCE', an Fhrainc),

— Driveco SAS (an Fhrainc), faoi rialú Corsica Sole agus Mirova.

Gheobhaidh APG, Corsica Sole agus Mirova rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Driveco.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is taisclann é APG le haghaidh ciste infheistíochta arb é a úinéir tairbhiúil deiridh ABP, ar eagraíocht riaracháin pinsean de chuid na hÍsiltíre é a dhéanann speisialtóireacht sa réimse comhphinsean san earnáil phoiblí,

— Tá Corsica Sole gníomhach i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite trí fheirmeacha gréine sa Fhrainc ar an Mór-roinn, agus i ranna éagsúla Francacha thar lear chomh maith (amhail an Chorsaic, La Réunion, Guadalúip, an Ghuáin agus Martinique). Chomh maith leis sin, tugann sé comhairle agus cuireann sé chun feidhme bearta inbhuanaitheachta ar áitreabh an chliaint, amhail grianphainéil dín nó grianphainéil charrchlóis,

— Is é Mirova, a ghníomhaíonn mar chuideachta bainistíochta Mirova Eurofideme 4, brainse Natixis atá speisialaithe san infheistíocht fhreagrach. Díríonn a ghníomhaíochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta ar réitigh um fhorbairt inbhuanaithe sna hearnálacha soghluaisteachta, fuinnimh, foirgneamh agus cathracha, tomhaltais, acmhainní, sláinte, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus airgeadais. Is faoi rialú deiridh BPCE Group atá sé, grúpa ag a bhfuil líonra baincéireachta atá gníomhach sna hearnálacha seo a leanas: baincéireacht infheistíochta, baincéireacht mhiondíola agus tráchtála, árachas agus seirbhísí réadmhaoine,

— Soláthraíonn Driveco réitigh lándéanta agus shaincheaptha le haghaidh luchtú leictreach sa Fhrainc agus sa Bheilg. Tá sé gníomhach i bhforbairt, monarú, suiteáil, cothabháil agus oibriú a phointí athluchtaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11140 – APG / CORSICA SOLE / MIROVA / DRIVECO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË